


# Sa Phictiúrlann

Fuair Gearóid a lán airgid dá bhreithlá. Bheartaigh sé dul go dtí an phictiúrlann. Chuaigh Liam in éineacht leis. Chaith siad araon tamall ag breathnú ar phictiúir de **réaltóga scannán** a bhí ar na ballaí lasmuigh den phictiúrlann. Ansin isteach leo go dtí **oifig na dticéad.** Cheannaigh Gearóid na ticéid agus suas leo go dtí an **bhalcóin.** Níor fhéad siad aon rud a fheiceáil mar bhí an áit **chomh dubh le pic.** Tháinig freastalaí chucu agus **tóirse** ina láimh aici. **Threoraigh** sí go dtí na suíocháin iad. **Shatail** Gearóid ar chosa duine amháin agus lig sé béic as.

Faoi dheireadh bhí siad ina suí ar **shuíocháin chompordacha.** Bhí gach éinne ag faire ar an **scáileán.** Pictiúr grinn a bhí ar siúl agus bhí an bheirt **sna tríthí** ag gáire ar feadh an ama. Nuair a bhí deireadh leis an gcéad phictiúr lasadh na soilse ar feadh tamaill.

**D'fhéach na buachaillí thart orthu. Áit fhairsing** a bhí ann. Bhí na ballaí **maisithe** le pictiúir agus le soilse daite. Tar éis tamaill **múchadh na soilse** arís. Ansin taispeánadh an **príomh-phictiúr.** Ba é John Wayne an phríomhréaltóg sa phictiúr. Bhí sé ina shirriam a bhí ar thóir robálaithe banc. Bhí siad go léir **ag caitheamh piléir** lena chéile ar feadh an ama. Clár taitneamhach a bhí ann agus chuaigh Gearóid agus Liam abhaile go sona sásta.

Sa chathair bíonn na pictiúir ar siúl gan stad ón a trí a chlog go dtí leath huair tar éis a haon déag san oíche. Taispeántar gach cineál pictiúir sa phictiúrlann. Bíonn pictiúir mar gheall ar **bhuachaillí bó, cúrsaí bleachtaireachta, cúrsaí geandrámaíochta.** Taispeántar na pictiúir le **teilgeoir.** Bíonn an teilgeoir i **mbothán an teilgeora.**

### Leaganacha Cainte:

Chuir sé béal bocht air féin.
Thug sé an chluas bhodhar dom.
Tugadh cead a chos dó.

### A. Foclóir

**an phictiúrlann,** cinema
**réaltóga scannán,** film stars
**shatail sé,** he trod, stood on
**aisteoir,** actor
**sirriam,** sheriff
**teilgeoir,** projector

### B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth a raibh a lán airgid ag Gearóid?
   — Dhíol sé leabhar lena chara.
   — Rinne sé obair dá Dhaidí.
   — Fuair sé an t-airgead dá bhreithlá.
2. Cá raibh na pictiúir de na réaltóga scannán le feiceáil?
   — in oifig na dticéad.
   — ar na ballaí lasmuigh den phictiúrlann.
   — i siopaí ar fud na cathrach.
3. Cad a rinne an freastalaí nuair a chuaigh an bheirt isteach?
   — Threoraigh sí go dtí na suíocháin iad.
   — Níor lig sí isteach iad.
   — Shuigh sí ar a suíochán.
4. Cén fáth ar lig duine béic as?
   — Bhí eagla air.
   — Shatail Gearóid ar a chosa.
   — Bhí tinneas cinn air.

### C. Líon isteach na bearnaí:

1. Níor fhéad sé aon rud a fheiceáil mar bhí an áit - - le -.
2. Bhí gach éinne ag faire ar an - .
3. Bhí na ballaí - le pictiúir agus le - -.
4. Ba é John Wayne an - - sa phictiúr.

### D. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:

1. Cheannaigh Gearóid na ticéid.
2. Bhí tóirse ina láimh aici.
3. Lig sé béic as.
4. Lasadh na soilse ar feadh tamaill.
5. Bhí sé ar thóir robálaithe.

### E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cá raibh an phictiúrlann?
2. Cá bhfios duit go raibh sé an-dorcha sa phictiúrlann?
3. Cár shuigh na buachaillí?
4. Cén fáth a raibh na páistí sna tríthí ag gáire?
5. Nuair a bhí deireadh leis an gcéad phictiúr, cad a rinne na buachaillí?
6. Cén fáth ar múchadh na soilse?

### Gramadach 18

1. Chuaigh Liam in éineacht **leis.**
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan, Cáit, Seán).
2. Bhí tóirse ina láimh **aici.**
   mise, tusa, eisean, sinne, sibhse, iadsan, Máire, Tomás.)
3. An Scéal i **nGramadach 16:**
   *Scríobh arís é ag tosú mar seo:*
   Mura mbeadh sé ábalta ní shroichfeadh sé ....